

Dealg ‘na Teamhrach’ an t-ochtú haois



An bhfaca tí an dealg seo riamh? Is píosa seodra é a cheanglófa de do bhlús nó de do léine nó de do sheaicéad nó de do gheansaí. Ní chaitheann cuid mhór daoine iad na laethanta seo. Is léir go bhfuil siad imithe as faisean, rud a tharlaíonn go minic i gcás éadaí agus seodra. Bíonn rudaí san fhaisean uaireanta agus ní féidir leat dul amach gan iad a fheiceáil gach áit. Go gairid ina dhiaidh sin, imíonn siad as faisean agus dealraíonn sé go bhfuil siad imithe as radharc ar fad.

Mar shampla, cuimhnigh ar dhealg na Teamhrach. Rinneadh í le linn bhlianta na 700-ta, tráth a raibh dealga go mór san fhaisean. Bhí ráchairt measartha mór orthu na laethanta sin agus d'úsáid daoine iad mar fháiscíní ar fhallaingí nuair a bheadh an aimsir rud beag fuar.

Is dócha gur fear nó bean mór le rá a chaith an dealg áirithe seo. Ceannaire, b'fhéidir, cé go bhféadfadh sé gur úsáideadh í chun fallaing dheasghnách easpaig nó sagairt Chríostaí a mhaisiú. Is cuma cé a bhí i gceist, is cinnte go raibh a stíl ar leith féin acu. Tá dealg na Teamhrach i measc na ndealg is mó dá bhfuil ann ach níl sí ollmhór. Dá bhfágfa do pheann luaidhe ina luí ar an deasc - agus peann luaidhe measartha nua atá i gceist - agus dá leagfa an chuid chiorclach de dhealg na Teamhrach ar an bpeann luaidhe ní chlúdódh sí ach thart ar an leathchuid den pheann luaidhe. Agus dá bhfaighfeá rialtóir chun í a thomhas, bheadh trastomhas 9 cm ann.

Ach seo an rud spéisiúil fúithi. Cé nach bhfuil ann ach trastomhas 9 cm, tá 76 phátrún éagsúla ann ar dhromchla dhealg na Teamhrach, lena n-áirítear cinn daoine agus ainmhithe; úsáideadh copar, ór agus airgead inti ar mhodh a bhí an-choitianta sa Ghearmáin an tráth sin, agus tá píosaí gloine daite inti mar aon le blúirí de roisín greamaitheach crann ar a dtugtar ómra. Agus má fhéachann tú go han-ghéar ar spota áirithe amháin is féidir leat imlíne ainmhí bhig a fheiceáil, agus a lapa ardaithe agus a chorp ag casadh siar agus tá an chosúlacht ann go bhfuil éin fhada ghalánta ag síneadh amach as gach áit.

Tríd is tríd, dá bhrí sin, is píosa seodra an-íontach é. Ach, chomh maith leis sin, is píosa seodra thar a bheith úsáideach é dealg na Teamhrach mar go n-insíonn sí cuid mhór dúinn faoi na daoine a bhí beo le linn bhlianta na 700-ta. Má fhéachaimid ar an dealg seo, agus má ghníomhaímid mar a bheadh bleachtairí ionainn, is féidir linn cuid mhór eolais a fháil.

Ar dtús, bhí na daoine a mhair le linn bhlianta na 700-ta thar a bheith oilte agus is cinnte go mbainfidís sult as réada chomh hiontach seo a dhéanamh. Bhí dúil acu san áibhéil agus thaitin sé leo nithe a dhéanamh ar bhealach a d'fhág go raibh cuma níos fantaisí orthu ná mar a bhí fíor dáiríre. Mar shampla, is é atá sna hainmhithe agus sna héin ar dhealg na Teamhrach ná neacha de chineál fabhlach, neamhréadúil, cumtha agus is dócha gur cóipeáladh iad ó shaothair ealaíne eile seachas ón bhfiadhúlra. Níor thaitin sé le daoine úsáid a bhaint as cineál amháin ábhair agus bhí dúil acu meascán d'ábhair a úsáid ina ionad sin. Ní raibh aon leisce orthu triail a bhaint as smaointe nua ach bhí siad sásta cloí le nósanna an cheantair áitiúil chomh maith. Agus thaitin sé leo a bheith ag déanamh mórtais – thaitin sé sin go mór leo.

Ba ghrúpa daoine iad seo a raibh spéis acu i nithe a bhí ag tarlú thart orthu. Agus d'fhéadfadh sé gurbh ionann sin is a rá cad a bhí ag tarlú síos an bóthar uathu, nó na mílte ar shiúl nó i dtír eile ar fad.

Táimid measartha cinnte, le fírinne, go raibh an grúpa daoine seo thara bheith sásta, mórtasach agus muiníneach. Agus is grúpa daoine iad a d'fhiafródh, dá dtiocfaidís ar ais go hÉirinn maidin amárach, cá bhfuil na dealga ar fad ...